## Ṁarṫainn Ṗáḋraic

Ní mar a céile atá Ṁarṫainn Ṗáḋraic ins ċuile ċeantar aċ de réir cosúlaċta tá an ḃrí ċéanna léi ins ċuile áit. Ḃí sí ag muintir mo ṁáṫar-sa. Fuair mo ṁáṫair an Ṁarṫainn óna haṫair. Fuair sé siúd óna aṫair féin í, agus fuair sé siúd í ó ḟear a dtugaidís Paddy Ó Brien air as Contae an Ċláir. Fear taistil a ḃíoḋ ansiúd.

Ḃí sé ráite go raiḃ buanna ag dul leis an Ṁarṫainn. Dá gcuirtí an Ṁarṫainn i snáṫ olainn do ḋuine a ḃeaḋ ag fágáil an ḃaile nó ag dul i gcomórtas ba ṁór an seans go mbeaḋ an táḋ ar an duine sin. Dá ngaḃfaḋ an té a ċuirfeaḋ í amú agus é dá cur ba coṁarṫa é sin naċ n-éireoḋ leis an té a raiḃ sí dá cur ḋó.

### An Ṁarṫainn

"Claoitear sinne i ḃfearta filleaḋ anall leis an gcille, go mba buan braon glas de ṡú na gréine gréige gile, go ndéanann súċ sáċ, ionas arm glas, ḃís náċ mbaineann ḋúinn, rún creideaṁ a ḃaineann aiṫne. Beannaċ leis an anam a ḃí i gcorp Anna Ní Áille agus gaċ duine dá mbeaḋ an Ṁarṫainn aige beannaċt dó dá ġrá sin. Aġaiḋ finne ṁolta, lá finne ḃuí, aġaiḋ ċaoin ċorparṫa, béal aġaiḋ na ḃfocal ceart, nár facṫas óna h-aiṫrí, is go ḃfearta finne claíoḋ.

Léiteear dúinne an bua seo ṫar ḃua an aois - bua clainne, bua maidne, bua labra, bua fios a riaill le fionn-ṁná, triall tré loisc is tré ṁór-ġáḃaiḃ is ní ġeoḃaiḋ tú cion i t-aiṫrí má éisteann tú i gcoṁrá. Léiteear ḋúinne na scoláirí seo - Marṫainn na Féile Fírinn' is go lá ḋeireaḋ an doṁain aon neaċ ariaṁ naċ gcalaífear. Cé a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i ḃreiṫ ná i ḃfriann is tanaí an ġrian a ṫeangóḋ ḋó. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul ar ṫintreaċa na hÉireann d'osclóidís ḋó ag dul ar gaċ aon taoḃ idir ċlaise agus ġéiḃeann. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i gcaṫ ná i gcrua-ċoṁraic ṫiocfaḋ sé in ḟeoil idir ḟiaċa. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul faoí ḋéint mná moille ba ṁaiṫ é a ṫuras i gceann a céile agus ċloinne. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i loine , in arc nó in argadas ṫiocfaḋ sé slán buan sáḃáilte gan báṫaḋ toinne ná anaċain. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i dteaċ nua níor ḃaol ḋó an-ḃás ċoṁ anns ḃeaḋ cleiṫ foṫain. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul ċun aonaiġ slán ṁeanamnaċ a ṫiocfaḋ sé óna ṡaoṫar. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn ag dul i dteaċ an óil ṫiocfaḋ sé as gan ġlór ṫarḃ gan uaċtar ṫarḃ gan ċruacaíl gan ċruacáil. An té a béarfaḋ mo ṁarṫainn do ċroí béal-ġlan oilc ná do rí béal-ġlan uasal ṫiocfaḋ sé ina aingeal ar neaṁ is níor ḃaol dó Rí an Uaḃair.

Mise Pádraic priḃléideaċ ċum na ḃfíréintí an-uasal, mar a ċaillim léna réiteaċ Ṁarṫainn Pádraic is h-ainm i nGaeilge. Ṁolfainn í a ḃeiṫ ag fearaiḃ Éireann is an té a mbeaḋ sí aige sna críoċa déanaċ ṫiúrfaḋ sé an t-anam ó Ifreann saor leis. Mise Pádraic beannaí, easbog a ṫáinig go hÉirinn - fágaim féin na buaiḋ sin agaiḋ. Sin iad féin na buaiḋ ġriagáilte, ċruagáilte neaṁ-ḟreagrasaírí is ar aon neaċ ċaoiṫin ná ceilte